

## Cad is Saoránach Domhanda ann

Deir Kid President, “Tagann athrú ar an domhan mar gheall ar an méid a dhéanann gnáthdhaoine: daoine beaga a chuireann grá mór in iúl sa saol”. Ainm eile a d’fhéadfaí a thabhairt ar ghnáthdhaoine ar mian leo feabhas a chur ar an domhan is ea Saoránaigh Dhomhanda.

### Cad is Saoránach Domhanda ann?

Is éard atá i gceist le Saoránach Domhanda ná duine a thuigeann gur cuid de phobal domhanda é nó í, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí air nó uirthi. Tuigeann saoránach domhanda go bhfuil difríochtaí eadrainn – bianna, cultúir agus creidimh éagsúla, mar shampla – ach go bhfuil an-chuid cosúlachtaí eadrainn freisin. Cé go mb’fhéidir nach bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil do shaol féin cosúil le saol na bpáistí i dtíortha eile, bíonn rudaí den chineál céanna agaibh agus déanann sibh na rudaí céanna: bíonn cion agaibh ar bhur muintir, bíonn sibh ag imirt cluichí agus ag gáire, bíonn sibh sona sásta roinnt laethanta agus bíonn drochlá agaibh scaití.

Tá a fhios ag Saoránaigh Dhomhanda go bhfuilimid *uile* freagrach agus go bhfuil sé de chúram orainn cuidiú feabhas a chur ar an domhan.

Seo roinnt bealaí is féidir leatsa cabhrú:

- Tabhair aire don timpeallacht
- Bíodh meas agat ar dhifríochtaí idir daoine agus bí lách leo
- Bíodh spéis agat sa domhan thart timpeall ort
- Bíodh ról gníomhach agat sa teaghlach agus sa phobal
- Bíodh a fhios agat gur féidir le gnáthdhaoine cúnadh a thabhairt an domhan a athrú chun feabhais (is cuma cén aois iad!)

Mar chuid den ról atá ag Cúnadh Éireann ó thaobh Saoránacht Dhomhanda, spreagaimid daoine óga chun labhairt amach, chun gníomhú agus chun an dearcadh a bheidh acu gur Saoránaigh Dhomhanda iad féin. An cuimhin leat cad is saoránach domhanda ann? Sea, is éard atá i gceist ná gnáthdhuine atá ag iarraidh an domhan a athrú chun feabhais.

Tabhair faoi cheann amháin (nó níos mó) de na gníomhaíochtaí thíos agus déan cinnte a bheith ar ais ar **Lá 2** chun foghlaim faoi pháistí atá ag déanamh gníomhaíocht dhomhanda.

